Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2025
(OR. en)

8583/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0066 (NLE)**

ASIE 22
RECH 191

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Phoblacht na hIndia<br>- Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa<br>- Comhaontú i bprionsabal |

1. An 26 Márta 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra uaidh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe[1] le haghaidh comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas Phoblacht na hIndia.

2. Tar éis an chruinnithe a bhí ag an Meitheal um Thaighde (Ceisteanna Adamhacha) an 3 Aibreán 2025 agus tar éis comhairliúchán i scríbhinn ina dhiaidh sin, tháinig an Mheitheal um Thaighde ar chomhaontú maidir leis an togra.

3. D'fhonn ullmhú chun athnuachan an Chomhaontaithe seo a ghlacadh, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, i gcuid 'A' de chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, teacht ar chomhaontú i bprionsabal i ndáil leis an dréachtchinneadh maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe seo, mar a d'athbhreithnigh na saineolaithe dlí agus teanga é agus mar atá in 8080/25, agus go gcinnfidh sí an dréachtchinneadh a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

---

[1] IO L 213, 9.8.2002, lch. 29.